# Filíocht | Sample answer

## An tEarrach Thiar (2016- Páipéar 2, Ceist 3A)

**(i) Cad é an príomhthéama sa dán An tEarrach Thiar, dar leat? Déan plé ar na híomhánna a úsáideann an file sa dán chun an príomhthéama sin a léiriú.**
*(What is the main theme in the poem An tEarrach Thiar according to you? Discuss the images the poet uses in the poem to show the main theme.)*

I mo thuairim, is é grá áite *(love of a place)* téama an dáin seo. Rugadh an file ar Inis Mór agus bhí grá mór aige don oileán *(island)*. Úsáideann an file íomhánna áille *(beautiful images)* chun an téama a chruthú *(create the theme)* dúinn. Tá an áit seo ciúin agus síochánta *(peaceful)* agus thaitin sé sin leis an bhfile. Tá gach rud geal *(bright)* agus grianmhar ann:

*"an fheamainn dhearg ag lonrú i dtaitneamh gréine"*

Tá sraith d'íomhánna álainn *(series of lovely images)* den saol in iarthar na hÉireann *(life in the west of Ireland)* sa dán seo agus tá gach ceann acu ag léiriú *(each one of them showing)* an grá áite a bhí ag an bhfile d'Inis Mór. Déanann an file cur síos mealltach, dearfach *(enticing, positive description)* ar shaol suaimhneach mhuintir an oileáin *(peaceful life of the people of the island)* san earrach *(in the spring)* agus iad ag comhoibriú leis an dúlra *(co-working with nature)*:

*"fear ag glanadh cré de ghímseán spáide"*

Feicimid fear ag obair sa ghairdín ag glanadh cré dá spaid *(cleaning clay from his spade)*.

Anuas ar seo, tá fear eile ag bailiú feamainne *(gathering seaweed)* agus tá na mná ar an trá ag obair freisin:

*"fear ag caitheadh cliabh dhá dhroim"*
*"mná i locháin in íochtar diaidh-thrá"*

Is léir go bhfuil meas mór *(great respect)* ag an bhfile do na daoine seo agus thaitin an saol traidisiúnta leis. Baineann an saol seo leis an dúlra. Léiríonn an file a ghrá d'Oileán Árann anseo.

Gnáthimeachtaí laethúla *(ordinary everyday events)* a fheicimid sna véarsaí léirithe mar íomhánna áille *(shown as beautiful images)* lán le sonas agus le síocháin *(full of happiness and peace)*. Is pictiúr idéalacha *(idealistic picture)* iad de shaol álainn suaimhneacha an oileáin:

*"sa gciúineas shéimh i mbrothall lae: Binn an fhuaim san Earrach Thiar"*

Molann an file a áit dhúchais *(the poet praises his hometown)* agus ní fheiceann sé fadhb ar bith ar an oileán. Taispeánann na híomhánna an easpa brú *(the lack of pressure)* a bhí ar na daoine fadó *(long ago)* agus grá an fhile dá áit dhúchais:

*"támh radharc síothach san Earrach Thiar"*

Nuair a bhíonn brón ar an bhfile, smaoiníonn sé ar Oileán Árann agus cuireann sé sin áthas air *(brings him happiness)*. Smaoiníonn sé ar na fuaimeanna áille *(lovely sounds)* atá le cloisteáil *(to be heard)* ina áit dhúchais, ar nós na maidí rámha ag bualadh ar an mbád *(the oars beating on the boat)*:

*"toll-bhuillí fanna ag maidí rámha"*

Mar sin, is léir gurb é grá áite téama an dáin seo. Cruthaíonn na híomhánna pictiúr den saol traidisiúnta deas, ciúin agus grámhar atá ar an oileán.

## (ii) Cad é an mothúchán is láidre a léiríonn an file sa dán seo? (Is leor pointe amháin eolais as an dán mar thacaíocht le do fhreagra.) *(What is the strongest emotion the poet presents in the poem. One point of information from the poem is enough as support for your answer.)*

I mo thuairim, is é grá an mothúchán is láidre sa dán seo. Is dán grá é seo sa mhéid is go dtaispeánann an file an grá atá aige d'Árann *(in the way the poet shows his love for Inis Mór)*, a áit dúchais. Mothaímid go bhfuil grá agus meas *(love and respect)* aige do na daoine ina gcónaí ar an oileán. Déanann sé cur síos orthu- an fear ag bailiú feamainne *(collecting seaweed)*, na mná ag obair ar an trá agus na hiascairí ag teacht abhaile le na héisc *(the fishermen coming home with fish)*. Tá meas aige don obair a dhéanann na daoine seo:

*"fear ag glanadh cré de ghímseán spáide"*
*"mná i locháin in íochtar diaidh-thrá"*

Múscláítear an grá anseo *(love is evoked here)* mar tá atmaisféar grámhar, síochánta le mothú idir na daoine ar an oileán. Tarraingíonn Ó Díreáin *(Ó Díreáin draws)* pictiúr rómánsúil, grámhar *(a loving, romantic picture)* de shaol na háite le linn an ama sin *(the life of the place at that time)*.

### (iii) Úsáideann an file go leor aidiachtaí sa dán. Roghnaigh dhá cheann de na haidiachtaí sin agus déan plé gairid ar an tábhacht a bhaineann leo sa dán, dar leat. *(The poet uses many adjectives in the poem. Choose two of these adjectives and discuss briefly the importance of them in the poem in your opinion.)*

Níl aon amhras ach go mbaineann an file úsáid sciliúil *(the poet makes skilful use)* as aidiachtaí éagsúla *(various adjectives)* sa dán seo. Cuireann na haidiachtaí go mór le dathanna na radharc *(the adjectives really add to the colours of the scene)* a bhfuil an file ag déanamh cur síos orthu agus leis an atmaisféar suaimhneach *(peaceful atmosphere)* atá i gceist.

Tóg mar shampla na focail *"sa gciúineas shéimh"* – úsáideann an file na focail seo chun cur síos a dhéanamh ar chiúnas na háite *(the quietness of the place)* agus go dtaitníonn ciúnas an atmaisféir sa ghairdín go mór leis an bhfile. Tá an áit ciúin agus níl le cloisteáil ach fuaim an fhir ag obair ann*(nothing is to be heard but the sound of the men working there)*. Cuireann na haidiachtaí go mór leis an cur síos mealltach, dearfach ar shaol suaimhneach muintir an oileáin san earrach agus iad ag comhoibriú leis an dúlra.

Anuas ar seo, leis na línte *"is an fheamainn dhearg"* agus *"ar dhuirling bháin"* déanann an file codarsnacht idir dath na feamainne agus dath na gcloch ar an trá *(contrast between the colour of the seaweed and the colour of the stones on the beach)*. Radharc álainn, coitianta is ea an fheamainn dhearg *(The red seaweed is a beautiful, common scene)* ar an gcósta *(on the coast)* in Inis Mór, mar an gcéanna *(the same is true)* is radharc álainn, coitianta í an trá chlochach *(the stoney beach)*. Feicimid go mbíonn dath dearg ar an bhfeamainn nuair atá an ghrian ag taitneamh uirthi *(sun is shining on it)*. Tá an ghrian ag taitneamh agus tá gach rud geal *(everything is bright)* sa dán mar gheall ar seo.

Mar sin, is léir go bhfuil na haidiachtaí an tábhachtach sa dán.